# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
# RÁITIS AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31/12/19

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
# RÁITIS AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31/12/19


| **Clár Ábhair** | **Leathanach** |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 2 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí Bhoird | 3-6 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 7-8 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 9-10 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe | 11 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 12 |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais | 13 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 14 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 15-30 |

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
## Eolas Ginearálta

**Comhaltaí Boird:**

**Comhaltaí Boird Reatha:**

- Ita Mangan (Cathaoirleach, Ceaptha Meitheamh 2015)
- James Clarke (ceaptha Meán Fómhair 2016)
- Mary Doyle (ceaptha Deireadh Fómhair 2018, athcheaptha April 2019)
- Tim Duggan (ceaptha Meitheamh 2015, athcheaptha Meán Fómhair 2017)
- Mary Higgins (ceaptha Meitheamh 2016)
- Tina Leonard (ceaptha Meitheamh 2016)
- Joanne McCarthy (ceaptha Meitheamh 2016)
- Niall Mulligan (ceaptha Meitheamh 2016)
- Cearbhall O Meadhra (ceaptha June 2016)
- Ian Power (ceaptha Meitheamh 2016)
- John Saunders (ceaptha Meitheamh 2016)
- Nicola Walshe (ceaptha Márta 2017, athcheaptha Samhain 2017)

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach:** | Ita Mangan |
| **Seoladh:** | Teach Ché Sheoirse<br>43 Sráid Chnoc na Lobhar<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin:** | Angela Black |
| **Rúnaí:** | Graham Long |
| **Dlíodóirí:** | Ronan Daly Jermyn<br>2 Plás na Páirce<br>Páirc Geata na Cathrach<br>Machain<br>Corcaigh |
| **Baincéirí:** | AIB<br>52 Sr. Bhagóid Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 4 |
| **Iniúchóirí:** | Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3a Sr an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí Boird
## Don Bhliain dar Críoch Nollaig 2019

**Rialachas**

Bunaíodh Bord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi Acht na Comhairle 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 7 den Acht seo. Freagraíonn an Bord don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus baineann sé an tasc seo amach trí aidhmeanna straitéiseacha agus spriocanna a leagadh síos agus trí chinntí straitéiseacha ar gach príomhcheist gnó a dhéanamh. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a bhainistiú, a rialiú agus a stiúradh ó lá go lá. Ní mór don POF agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo ginearálta straitéiseach a leanúint atá leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh cinnte a dhéanamh de go bhfuil tuiscint mhaith ag gach Comhalta ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar na cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon bhaol a d'fhéadfadh tarlú. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

**Dualgaisí an Bhoird**

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa chód cleachtais le haghaidh Comhaltaí, an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Rúnaí. Sa chód freisin tá nithe nach mór don Bhord and don Bhord amháin cinneadh a dhéanamh ina dtaobh. Déanann an Bord na buanmíreanna seo a leanas a mheas:

- Fógairt leasa,
- Tuarascálacha ó choistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bainistíochta,
- Tuarascálacha ar chomhlíonadh dualgas, agus
- Nithe coinnithe siar.

Éilíonn Acht na Comhairle 2000, Alt 22 (4a), ó Bhord an Bhoird um Fhasnéis do Shaoránaigh go n-ullmhóidís ráitis airgeadais i bhfoirm a d'fhéadfadh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a fhaomhadh le toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ráitis a chuimsíonn na gnáthchuntais airgid a fuarthas agus conas a caitheadh an t-airgead.

Agus iad ag ullmhú na ráitis airgid seo, ní mór do Bhord an Bhoird um Fhasnéis do Shaoránaigh:

- beartais cuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé neamhchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh air ag feidhmiú; agus
- a fhógairt ar leanfadh na caighdeáin cuntasaíochta ábhartha, faoi réir aon athrú ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta aige agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta sásúil a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird, agus a chuireann ar a chumas cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus as iomláine an eolais chorparáidaigh agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Bhoird um Fhasnéis do Shaoránaigh.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh Déanann an Bord monaóireacht ar fheidhmiúchán an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh trí eolas a thabhairt ar an bplean agus ar an bhfeidhmiúchán airgeadais ag gach cruinniú den Bhord.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun an calaois a sheachaint agus é a aimsiú mar aon le mírialtachtaí eile.

Measann an Bord gur léargas fírinneach cóir atá i ráitis airgeadais an Bhoird um Fhasnéis do Shaoránaigh ar chomhlíonadh agus ar staid airgeadais an Bhoird um Fhasnéis do Shaoránaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019.

Ar 9 Nollaig 2020 d'fhaomh an Bord síniú an ráitis seo agus na ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomaltaí Boird
## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

**Struchtúr an Bhoird**

Ar an mBord tá Cathaoirleach agus ceithre gnáthbhall déag, gach ceann acu ceaptha ag an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus bualann siad le chéile ocht n-uaire in aghaidh na bliana. Sa tábla thíos feictear mionsonraí a bhaineann leis an tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha:

| Comhalta | Ról | Dáta Ceaptha | Mionsonraí breise |
|---|---|---|---|
| Ita Mangan | Cathaoirleach | Meitheamh 2015 | Síniú ama ó Mheitheamh 2020 go dtí Nollaig 2020 |
| Eilis Barry | Gnáthbhall | Deireadh Fómhair 2018 | D;éirigh as Márta 2020 |
| James Clarke | Gnáthbhall | Meán Fómhair 2016 | |
| Mary Doyle | Gnáthbhall | Deireadh Fómhair 2018 | Athcheaptha Aibrreán 2019 |
| Tim Duggan | Gnáthbhall | Meitheamh 2015 | Athcheaptha Meán Fómhair 2017 |
| Josephine Henry | Gnáthbhall | Márta 2010 | Athcheaptha Márta 2015, d'eirigh as Mártah 2020 |
| Mary Higgins | Gnáthbhall | Meitheamh 2016 | |
| Tina Leonard | Gnáthbhall | Meitheamh 2016 | |
| Joanne McCarthy | Gnáthbhall | Meitheamh 2016 | |
| Niall Mulligan | Gnáthbhall | Meitheamh 2016 | |
| Cearbhall O Meadhra | Gnáthbhall | Meitheamh 2016 | |
| Ian Power | Gnáthbhall | Meitheamh 2016 | |
| John Saunders | Gnáthbhall | Meitheamh 2016 | |
| Seán Sheridan | Gnáthbhall | Samhain 2015 | D'éirigh as Samhain 2020 |
| Nicola Walshe | Gnáthbhall | Márta 2017 | Athcheaptha Samhain 2017 |

Chuir an Bord críoch ar Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird agus Measúnú i Feabhrú 2018.

Ta dhá choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

1. **An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca** In Iúil 2020 bheartaigh an Bord an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a chomhcheangail leis an gCoiste Airgeadais. Reáchtáil an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a chéad chruinniú i Meán Fómhair 2020. Ar an gcoiste seo tá seisiúr comhalta Boird agus beirh bhall neamhspleách. Is iad baill an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ná: John Saunders (Cathaoirleach), Ian Power, Ita Mangan, Cearbhall O Meadhra, Mary Doyle, James Clarke, Lorcan O'Connor agus Cyril Sullivan. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ná tacú leis an mBord a fhreagrachtaí i dtaobh cúrsaí riosca, rialaithe agus rialachais mar aon le dearbhú gaolmhar a chomhlíonadh. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste, go ndéanfar monatóireacht gníomhach agus neamhspleách ar chórais inmheánacha rialaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóra.
2. 

   Is iad baill an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ná: John Saunders (Cathaoirleach), Ian Power, Ita Mangan, Sean Sheridan (go dtí Samhain 2020), Cearbhall O'Meadhra, Josephine Henry (go dtí Márta 2020), Mary Doyle agus Cyril Sullivan. Bhí sé ghnáthchruinniú agus cruinniú breise amháin ag an gCoiste in 2019.

   Ba iad comhaltaí an **Choiste Airgeadais** go dtí Iúil 2020 ná: Ian Power (Cathaoirleach), Ita Mangan, James Clarke, Cearbhall O Meadhra, John Saunders, Josephine Henry (go dtí Márta 2020), Cyril Sullivan agus Lorcan O'Connor. Bhuail an Coiste Airgeadais le chéile trí huaire in 2019.There were three meetings of the Finance Committee in 2019.

3. **Coiste um Bheartas Sóisialach agus Taighde**: ar an gcoiste seo tá cúigear comhaltaí agus ball amháin neamhspleách. Is iad baill an choiste seo: Joanne McCarthy (Cathaoirleach), Cearbhall O'Meadhra, Mary Higgins, Niall Mulligan agus Micheál Collins. Bhuail an Coiste um Bheartas Sóisialach agus Taighde le chéile 3 huaire in 2019.

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais**

| Comhalta/Ball Choiste | Bord | Coiste um Iniúchóireacht & Measúnú Riosca | Coiste Airgeadais | Coiste um Bheartas Sóisialach & Taighde | Táillí 2019 € | Speansais 2019 € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon Cruinnithe | 8 | 7 | 3 | 3 | | |
| Ita Mangan (Cathaoir.) | 8 | 7 | 2 | | 8,978 | 0 |
| Eilis Barry | 6 | | | | 5,985 | 0 |
| James Clarke | 0 | | 1 | | 0 | 0 |
| Mary Doyle | 7 | 7 | 1 | | 5,985 | 0 |
| Tim Duggan | 5 | | | | 0 | 0 |
| Josephine Henry | 0 | 1 | | | 0 | 0 |
| Mary Higgins | 7 | | | 2 | 5,985 | 0 |
| Tina Leonard | 5 | | | 2 | 5,985 | 0 |
| Joanne McCarthy | 7 | | | 3 | 5,985 | 0 |
| Niall Mulligan | 4 | | | 0 | 5,985 | 0 |
| Cearbhall O Meadhra | 6 | 4 | 1 | 3 | 5,985 | 0 |
| Ian Power | 6 | 5 | 2 | | 5,985 | 0 |
| John Saunders | 7 | 7 | 3 | | 5,985 | 2,632 |
| Seán Sheridan | 8 | 5 | 1 | | 5,985 | 5,568 |
| Nicola Walshe | 7 | | | | 0 | 0 |
| Micheál Collins (Seachtrach) | n/b | | | 1 | 0 | 0 |
| Lorcan O'Connor (Seachtrach) | n/b | | 1 | | 0 | 0 |
| Cyril Sullivan (Seachtrach) | n/b | 5 | 2 | | 0 | 0 |
| | | | | | **68,828** | **8,200** |

De réir chóid chleachtais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh le haghaidh Comhaltaí, má fhreastalaíonn comhalta ar níos lú ná leath de na cruinnithe i rith na bliana , íocfar táille laghdaithe leis nó léi ríofa ar bhonn pro rata. Faoi lánrogha an Chathaoirligh, d'fhéadfadh sí athbhreithniú a dhéanamh ar an táille laghdaithe tar éis a chur san áireamh na cúinsí a bhí mar chúis leis an asláithreacht.ábhartha. Níor íocadh an táille iomlan do 2019 le comhalta ar bith a d'fhreastail ar níos mó má leath de na cruinnithe in 2019.

Bhí beirt chomhalta Boird oibre ann, Nicola Walshe agus Tim Duggan, nach bhfuair táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin. TáNicola Walshe fostaithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus tá Tim Duggan fostaithe ag an an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní nochtar tuarastal Nicola maidir lena dualgaisí mar fhostaí den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sa liosta thuas a bhaineann le luach saothair Chomhaltaí Boird.

I rith 2019, bhí ocht chruinniú Boird ann. Tá mionsonraí faoi thinreamh ag na cruinnithe seo le feiceáil sa tábla thuas.

Is le taisteal inmheánach a bhaineann speansais an Bhoird.

**Athruithe tábhachtacha san Fhoireann**

Ní raibh aon athruithe foirne tábhachtacha ann in 2019. Ceapadh an POF le haghaidh cuig bliana breise i mí na Samhna 2019.

**Nochtadh atá riachtanach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Ní mór don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh na riachtanais a bhaineann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Ahtchóirithe i Lúnasa 2016. De réir an Chóid, ní mór na rudaí seo a leanas a nochtadh:

- Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe – leagtha amach i nóta 4 sna ráitis airgeadais,
- Costais shainchomhairleoireachta (costais ghinearálta dlí san áireamh) – leagtha amach i nóta 7 sna ráitis airgeadais,
- Costais agus socruithe dlí – seachas costais dlí ghinearálta níor tabhaíodh aon chostas eile,
- Caiteachas taistil agus cothaithe – leagtha amach i nóta 5 sna ráitis airgeadais, agus
- Caiteachas fáilteachais – níor tabhaíodh aon chostas.
- 

**Ráiteas Comhlíonta**

Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonfar an Cód. In 2019 chomhlíon an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh go hiomlán an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Thar ceann Boird an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

| ________________ | ________________ |
|---|---|
| Ita Mangan | John Saunders |
| Cathaoirleach | Comhalta |
| Dáta: 10/12/2020 | Dáta: 10/12/2020 |

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
## Ráiteas ar Rialú Inmheánach
## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

**Raon Freagrachta**
Thar ceann an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh glacaim leis go bhfuil an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh de go bhfuil córas rialaithe inmheánach i bhfeidhm agus go ndéantar é a chothabháil. Áirítear leis seo riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

**Cuspóir an Chóras Rialaithe Inmheánach**
Dearadh an córas rialaithe inmheánach chun riosca a mhaolú go dtí go bhfuil sé ar leibhéal ar féidir glacadh leis seachas é a dhíbirt go hiomlán. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a dhéanamh go bhfuiltear ag cosaint sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifead ceart déanta díobh, agus go bhfuiltear ag seachaint earráidí ábhartha nó mírialtachtaí nó go bhfuiltear á mbrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, atá de réir treorach eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

**Acmhainn Riosca a bhainistiú**
Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ina bhfuil seachtar comhaltaí agus ball seachtrach amháin, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Bhuail an CIMR le chéile sé huaire in 2017.

Tá feidhmeanna iniúchóireachta inmheánacha ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh mar atá leagtha síos i gCairt an Bhoird le haghaidh Iniúchóireachta Inmheánach. Tá obair na hiniúchóireachta inmheánach bunaithe ar anailís a dhéantar ar an riosca a d’fhéadfadh a bheith ann don chomhlacht, agus bunaítear pleananna iniúchóireachta inmheánacha ar an anailís seo go bliantúil. Ta an anailís riosca seo agus na pleananna iniúchóireachta inmheánacha molta ag an CIMR agus faofa ag an mBord. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánacha ar fáil don Bhord. Déantar an fheidhm Iniúchóireachta sheachtrach a sheachfhoinsiú do ghnólacht sheachtrach.

Tá beartas i leith bainistiú riosca forbartha ag an ARC a leagann amach an riosca a d’fhéadfaí glacadh leis, na próisis maidir le bainistiú riosca atá i bhfeidhm agus leagann sé síos freagrachtaí na foirne i leith riosca. Eisíodh an beartas seo do gach ball foirne agus táthar ag súil go n-oibreoidís laistigh de bheartais bhainistiú riosca an Bhoird, go gcuifidís an bhainistíocht ar a hairdeall faoi rioscaí agus laigí maidir le rialú, agus go mbeidís freagrach as rioscaí agus laigí ina réimse oibre féin.

**Creat Rialaithe agus Riosca**
Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a aithníonn agus a thuarascálann na príomhrioscaí mar aon leis na gníomhaíochtaí bainistíochta chun dul i ngleic leo, agus más féidir, iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí ata os comhair an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus táthar tar éis iad a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnachtaí seo chun pleanáil a dhéanamh agus acmhainní a leithdháileadh chun a chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú go dtí leibhéal atá inghlactha.

Sa chlár riosca tá mionsonraí maidir le rialú agus leis na gníomhaíochtaí is gá chun riosca a mhaolú, mar aon le freagracht atá ag baill foirne faoi leith maidir le feidhmiú an rialaithe seo. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na heilimintí seo a leanas:

- Tá doiciméadú déanta ar gach eochairphróiseas gnó
- Tá freagrachtaí airgeadais mar aon leis an gcuntasacht a bhaineann leo sannta ag leibhéal na bainistíochta,
- Tá córas cuí buiséadaithe ann agus déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air,
- Tá córais ann chun sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chosaint,
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe le haghaidh maoiniú deontas do ghníomaíochtaí seachtracha go bhfuil rialú sásúil ann maidir le deontais a fhaomhadh. Déantar monatóireacht freisin ar dheontaithe chun a chinntiú go bhfuil an úsáid cheart á baint as na deontais.

**Athstruchtúrú SFS agus SBCA**
Tar éis an athstruchtúraithe a rinneadh na comhlachtaí SFS agus SBCA, tá Comhaontú Seirbhíse sínithe ag gach comhlacht SFS / SBCA nua leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoranaigh a leagann amach na coinníollacha faoina maoinítear iad. Tá nósanna imeachta maidir le Rialú Airgeadais forbartha freisin ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus áirítear mar chuid de na Comhaontaithe Seirbhíse iad. Cuireann na nósanna imeachta maidir le Rialú Airgeadais iachall ar SFS agus SBCA sraith cuntas iniúchta iomlán a chur faoi bhráid an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.



*Mar atá leagtha amach ar leathanach 4, comhcheanglaíodh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca leis an gCoiste Airgeadais i mí Iúil 2020 agus anois tugtar an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca air.

**Monatóireacht Leanúnach agus Athbhreithniú**
Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar laigí rialaithe, agus cuirfear iad seo in iúl, go tráthúil, dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más cuí. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta a leanas ar siúl go leanúnach:

- Aithníodh eochair-rioscaí agus an rialú a bhaineann leo, agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an rialaithe sin agus tuairisciú a dhéanamh ar aon laigí a aithnítear.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal atá freagrach as bainistiú airgeadais, agus
- Déanan an ardbhainistíocht athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil agus bliantúil ar fheidhmíocht, agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn táscairí feidhmíochta maidir le buiséid/réamhaisnéisí.

**Soláthar**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a chinntíonn go gcomhlíonann sé na rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar. Tá aird dírithe thíos, faoi chúrsaí rialaithe inmheánacha, ar chúrsaí a eascraíonn ó rialúcháin a bhaineann le soláthar.

**Athbhreithniú ar Éifeactacht**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is atá na nósanna imeacha um bhainistiú riosca agus rialú. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánach bunaithe ar an obair a dhéanann iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, a dhéanann maoirseacht ar an obair, agus an ardbhainistíocht laistigh den Bhord atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Bord, i Márta 2020, athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánach le haghaidh 2019.

**Saincheisteanna a bhaineann leis an Rialú Inmheánach**

***Laigí sa Rialú maidir le Sócmhainní Seasta***

Tar éis moladh a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bharr laigí sa rialú maidir le sócmhainní seasta a aithníodh le linn an iniúchta a rinneadh ar na ráitis airgeadais in 2018, rinne an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh athbhreithniú iomlán ar an gClár Sócmhainní Seasta i ráithe a haon 2020, lena n-áirítear fardel fisiceach de na sócmhainní atá aige.Tá an fardel seo á úsáid faoi láthair chun réiteach fairsing a dhéanamh den FAR agus na cláir fhisiciúla. De bharr saincheisteanna acmhainne agus athruithe sna tosaíochtaí go luath sa phaindéim Covid-19, níorbh fhéidir dul ar aghaidh leis an gcleachtadh seo mar a bhí beartaithe. Táthar ag súil é a chríochnú, áfach, go luath in 2021.Ní mheastar go mbeidh aon díluacháil de ghlanluach de réir na leabhar ann. Tá glanluach de réir na leabhar de náid ag aon sócmhainn a dhíscríobhtar.

***Soláthar Neamhchomhlíontach***
Le linn 2019, tabhaíodh caiteachas de €1,285,418 i leith earraí agus seirbhísí nár chomhlíon na treoirlínte soláthair. Cúig chonradh san iomlán a bhí i gceist leis seo. Is mar thoradh ar spleáchas ar fhaomhadh seachtrach, ar fachtóirí acmhainne inmheánacha chomh maith le tar-rolladh conarthaí a bhí ann cheana féin agus tairiscintí nua ar feitheamh, a tharla seo. Maidir le ceann amháin de na conarthaí seo a raibh luach €27,838 air, fuarthas díoltóir nua tríd an gcreatlach OGP i nDeireadh Fómhair 2019. Nótáladh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach in 2018 nach raibh an conradh seo comhlíontach. I gcás ceann amháin de na conarthaí a raibh luach iomlán €655,257 air le haghaidh infreastruchtúr teileafónaíochta WAN de chuid an Bhoird, soláthraíodh díoltóir nua tríd an gCreatlach OGP i Lúnasa 2019 agus fuarthas díoltóir nua Teileafónaíochta trí phróiseas tairisceana oscailte i mí na Nollag 2019. Nótáladh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach in 2018 nach raibh an conradh seo comhlíontach. I gcás conradh amháin a raibh luach iomlán €508,738 air, fuarthas díoltóir nua Teileafónaíochta trí phróiseas tairisceana oscailte i mBealtaine 2020. I gcás conradh amháin a bhfuil luach iomlán de €34,770 air, tá tairiscint á chur isteach faoi láthair. Bhain an conradh deiridh (€58,815) le soláthair éigeandála aon uaire mar thoradh ar shaincheist slándála TF.

Nótáladh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach in 2018 go raibh sé chonradh nár comhlíon na treoirlínte a raibh luach iomlán de €1,587,253 orthu. Seachas an dá chonradh luaithe thuas a tugadh ar aghaidh go dtí 2019, soláthraíodh trí chinn de na ceithre chonradh trí Chreatlach OGP agus níor athnuadh an conradh eile.

Thar ceann Boird an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

| | |
|---|---|
| Ita Mangan | John Saunders |
| Cathaoirleach | Comhalta |
| Dáta: 10/12/2020 | Dáta: 10/12/2020 |

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

# Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 mar atá leagtha síos faoi fhorálacha na nAchtanna um Fhaisnéis do Shaoránaigh 2000 agus 2007. Cuimsíonn na ráitis airgeadais na rudaí seo a leanas:

- Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- Ráiteas ar Staid Airgeadais
- Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, agus
- Na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartas cuntasaíochta suntasach.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 31 Nollaig 2017, agus ar ioncam agus caiteachas an Bhoird le haghaidh 2017 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Aigeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.*

# Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Tá mé neamhspleách ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh and tá mo dhualgaisí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchta atá faighte agam agus go gcuireann sí bonn cuí faoi mo thuairim.

# Tuairisciú ar eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an t-eolas eile seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos le fáil i bhfoscríbhinn na tuarascála seo ar m'fhreagrachtaí i leith tuarisciú ar an saghas eolais seo, mar aon le hábhair áirithe eile ar a dtuairiscím ar bhonn eisceachtúil.

# Soláthar neamhchomhlíontach

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach gur sholáthair an Bord earraí agus seirbhísí, a raibh luach €1.3 million orthu beagnach, ar bhealach nár chomhlíon na treoirlínte maidir le soláthar. Sa ráiteas leagtar amach freisin na céimeanna a thóg an Bord nó a bhfuil sé i gceist aige iad a thógáil, chun déileáil leis an neamhchomhlíonadh seo.

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**17 Nollaig 2020**

## Foscríbhinn ar an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí Boird

Leagann an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird amach freagrachtaí na gcomhaltaí Boird. Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- Ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 22 den Acht 2000
- Cinnte a dhéanamh de go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir de réir FRS102
- Cinntiú go bhfuil rialtacht idirbheart ann
- Cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht úsáid an bonn cuntasaíochta ghnóthais leantaigh, agus
- Pé rialú inmheánach a mheasann siad is gá chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonruithe ábhartha, más de bharr calaoise nó nach é.

### Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi alt 22 den Acht 2000, ní mór dom iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar aidhm agam agus an t-iniúchadh seo ar bun agam, dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais, go ginearálta, saor ó mhíshonruithe ábhartha, más de bharr calaoise nó nach é. Is leibhéal dearbhaithe ard é dearbhú réasúnta ach ní chinntíonn sé go n-aimseofaí míshonrú ábhartha más ann dó, fiú má baineadh amach an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CII). D’fhéadfadh míshonruithe a tharlú de bharr calaoise nó trí earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha má d’fhéadfaí a mheas go réasúnta go bhfuil tionchar acu, go leithleach nó le chéile, ar chinneadh a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh de réir CII, bainim feidhm as mo bhreithiúnas agus mo sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é seo á dhéanamh agam,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí maidir le míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais, más de bharr calaoise nó nach é; dearaim agus bainim amach nósanna imeachta chun deileáil leis na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor í chun bonn cuí a chur faoi mo thuairim. Is mó an riosca mura n-aimsítear míshonrú a tharlaíonn de bharr calaoise ná má tharlaíonn sé de bharr earráide, mar d’fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d’aon turas, mífháisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánach a bheith taobh thiar de.
- Bainim tuiscint amach ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun gnáthaimh iniúchta a dhearadh a oireann do na cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachteacht an rialaithe inmheánach.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastacháin cuntasaíochta agus noctadh ábhartha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fhaightear, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh leanúint air mar ghnóthas leantach. Má dhearbhaím go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar nochtadh ábhartha sna ráitis airgeadais nó, má tá an noctadh sin easnamhach, ní mór dom mo thuairim a athrú. Tá mo thátail bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D’fhéadfadh, áfach, a bheith mar thoradh ar imeachtaí nó dálaí amach anseo ná go scoirfeadh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear nochtadh, agus ar léiriú ceart iad na ráitis airgeadais ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar a mbunaíodh na ráitis airgeadais.

Bím i dteagmháil leo siúd atá i mbun rialaithe maidir le raon agus tráthúlacht an iniúchta, i measc rudaí eile, mar aon le cinntí suntasacha, lena n-áirítear aon easnamh suntasach sa rialú inmheánach a aithním le linn an iniúchta.

#### *Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus nílim ag cur aon dearbhú in iúl ina leith.

Tá sé de dhualgas orm faoi CII an t-eolas eile a léamh atá curtha i láthair agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais agus le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó an amhlaidh go bhfuil míshonrú ábhartha ann. Más é mo thuairim go ndearnadh an t-eolas eile seo a mhíshonrú, ní mór dom é sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m’iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus feidhmiú comhlachtaí Stáit. Tuairiscím más amhlaidh go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Agus iniúchta ar siúl, is mian liom fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím in aon chás ábhartha inar baineadh úsáid as airgead poiblí chun críche nach raibh súil leo nó i gcásanna nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím freisin ar bhonn eisceachtúil

- Má mheasaim nach bhfuil an t-eolas agus na mínithe go léir faighte agam atá riachtanach do m’iniúchadh, nó
- Mura raibh na taifid cuntasaíochta sásúil go leor chun go ndéanfaí iad a iniúchadh i gceart, nó
- Mura fhreagraíonn na ráitis airgeadais agus na taifid chuntasaíochta dá chéile.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | **2** | 56,454,385 | 54,888,009 |
| Maoiniú glan iarchurtha do Shocar Scoir | **15 (c)** | 1,240,000 | 1,465,000 |
| Ioncam eile | **3** | 28,822 | 173,145 |
| **Ioncam Iomlán** | | **57,723,207** | **56,526,154** |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair | **4** | 4,830,333 | 4,831,071 |
| Táillí agus Speansaid na gComhaltaí | | 77,028 | 83,298 |
| Costais Shocair Scoir | **15 (a)** | 2,279,000 | 2,218,000 |
| Costais Riaracháin | **5** | 3,426,733 | 3,975,319 |
| Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFS) | **8** | 16,246,677 | 15,320,434 |
| Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA) | **9** | 21,910,917 | 22,837,194 |
| Acmhainní Eolais | **10** | 187,476 | 86,557 |
| Beartas Sóisialach agus Taighde | **11** | 122,319 | 106,196 |
| Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | **12** | 2,379,709 | 2,667,747 |
| Abhcóideacht | **13** | 4,326,821 | 3,999,021 |
| Traenáil/Ríomhfhoghlaim | **14** | 255,387 | 281,123 |
| **Total Expenditure** | | **56,042,400** | **56,405,960** |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh Leithreasaí** | | **1,680,807** | **120,194** |
| Díluacháil Sócmhainní Seasta | | 0 | (45,000) |
| Aistriú ó / (go) an Cuntas Caipitil | **21** | (375,354) | 104,390 |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain tar éis Leithreasaí** | | **1,305,453** | **179,584** |
| Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh ar 1 Eanáir | | 2,180,543 | 2,000,959 |
| **Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh ar 31 Nollaig** | | **3,485,996** | **2,180,543** |

Is cuid iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Boird an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Ita Mangan
Cathaoirleach
Dáta: 10/12/2020

John Saunders
Comhalta
Dáta: 10/12/2020

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barracha / (Easnamh) tar éis leithreasaí** | | **1,305,453** | **179,584** |
| Gnóthachain / (Caillteanais) ar Athluacháil ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh | | 0 | 2,233,750 |
| Gnóthachain / (Caillteanais) ar Oibleagáidí Sochair Scoir | **15 (d)** | 2,469,000 | 629,000 |
| Athrú i bhFoshuíomh mar chúis ar Luach Reatha Oibleagáidí Sochair Scoir | | (7,030,000) | 5,362,000 |
| **Gnóthachan Achtúireach Iomlán / (Cailleantas) sa bhliain** | | **(4,561,000)** | **5,991,000** |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Shocair Scoir | | 4,561,000 | (5,991,000) |
| **Ioncam cuimsitheach eile don bhliain** | | **1,305,453** | **2,413,334** |

Is cuid iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Boird an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

| | |
|---|---|
| Ita Mangan | John Saunders |
| Cathaoirleach | Comhalta |
| Dáta: 10/12/2020 | Dáta: 10/12/2020 |

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
## Ráiteas ar Staid Airgeadais
## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | **16** | 6,685,961 | 6,310,607 |
| **Iomlán Sócmhainní Neamhreatha** | | **6,685,961** | **6,310,607** |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | **19** | 1,738,308 | 1,651,054 |
| Airgead tirim agus a Chomhluach | | 2,201,635 | 1,576,183 |
| | | **3,939,943** | **3,227,237** |
| **Dliteanais Reatha *(suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)*** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | **20** | (453,947) | (1,046,694) |
| | | | |
| **Glanshócmhainní Reatha** | | **3,485,996** | **2,180,543** |
| | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Shocair Scoir | **15 (b)** | (63,117,300) | (57,316,300) |
| Sócmhainn maoinithe Sochair Scoir iarchurtha | **15 (b)** | 63,117,300 | 57,316,300 |
| | | | |
| **Glanshócmnainní Iomlána** | | **10,171,957** | **8,491,150** |
| | | | |
| **Léirithe ag** | | | |
| Cuntas Caipitil | **21** | 6,685,961 | 6,310,607 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 3,485,996 | 2,180,543 |
| | | | |
| | | **10,171,957** | **8,491,150** |

Tá an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 ina chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Boird an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

| | |
|---|---|
| Ita Mangan | John Saunders |
| Cathaoirleach | Comhalta |
| Dáta: 10/12/2020 | Dáta: 10/12/2020 |

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas Ioncaim thar Caiteachas / (Barrachas Caiteachais thar Ioncam) | 1,305,453 | 179,584 |
| Dímheas agus Laigí Sócmhainní Seasta | 476,150 | 302,884 |
| (Measú) / Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte | (87,254) | (379,669) |
| Méadú / (Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | (592,747) | 579,267 |
| Aistriú ó/ (go) Cuntas Caipitil | 375,354 | (104,390) |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **1,476,956** | **577,676** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe** | | |
| Íocaíochtaí chun  Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh a fháil | (851,504) | (243,494) |
| Díluacháil Sócmhainne Seasta | 0 | 45,000 |
| **Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe** | **(851,504)** | **(198,494)** |
| | | |
| **Glanmhéadú / (Laghdú) ar Airgead tirim agus a Chomhluach** | **625,452** | **379,182** |
| | | |
| Airgead tirim agus a Chomhluach ar 1 Eanáir | 1,576,183 | 1,197,001 |
| **Airgead tirim agus a Chomhluach ar 31 Nollaig** | **2,201,635** | **1,576,183** |

# An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na mbeartas cuntasaíochta atá in úsáid ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad le linn na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

### (a) Eolas Ginearálta

Bunaíoadh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi Acht na Comhairle 2000, le ceannceathrú i 43 Sráid Chnoc na Lobhar, Baile Átha Cliath 2. Leagtar síos bunaidhmeanna an Bhoird i gCuid 2 d'Acht na Comhairle 2000. Is Eintiteas chun Sochar an Phobail é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Seachadaítear Seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh trí chomhlachtaí neamhspleácha a fheidhmíonn faoi chomhaontú leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ní bhaineann gaolmhaireacht príomhaí agus gníomhaí le hábhar. Mar sin, ní áirítear sócmhainní agus dliteanais na gcomhlachtaí seo sna ráitis airgeadais.

Leasaíodh Cuid 4 den Acht Leasa Shóisialaigh 2008 (Forálacha Ilghnéitheacha) ag Acht na Comhairle 2000 (arna leasú ag an Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh 2007) chun feidhmeanna an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a leathnú amach agus an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA) agus freagrachtaí gaolmhara a chur san áireamh. Áirítear ina measc, SBCA a chur chun agus a fhorbairt, eolas faoin seirbhís a scaipeadh, agus oideachas poiblí a chur ar fáil maidir le bainistiú airgid. Rinneadh foráil ann freisin a ligfeadh don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sonraí a thiomsú, dul i mbun taighde, agus comhairle agus eolas a sholáthar don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maidir le SBCA. Sannaíodh na freagrachtaí seo ar 13 Iúil 2009.

Seachadaítear Seirbhísí Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid trí chomhlachtaí neamhspleácha a fheidhmíonn faoi chomhaontú leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ní bhaineann gaolmhaireacht príomhaí agus gníomhaí le hábhar. Mar sin, ní áirítear sócmhainní agus dliteanais na gcomhlachtaí seo sna ráitis airgeadais. Tá úsáid agus diúscairt sócmhainní atá maoinithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi réir srianta atá leagtha amach sa chomhaontú. San áireamh sna ráitis airgeadais tá caiteachas a tabhaíodh trí na comhlachtaí a mhaoiniú i rith na bliana. Feidhmíonn Forbairt Náisiúnta SBCA agus SBCA do Lucht Taistealaithe faoi chomhaontú faoi leith leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ní bhainean an gaol príomhaí agus gníomhaire le hábhar.

Tá comhaontuithe faoi leith i bhfeidhm ag an tSeirbhís Aighneachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ag an tSeirbhís  Ateangaireachta Chomharthaíochta leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ní bhainean an gaol príomhaí agus gníomhaire le hábhar. Cuireann an tSeirbhís Aighneachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas seirbhís aighneachta ar fáil atá neamhspleách, rúnda agus saor in aisce a oibríonn ar son an duine amháin a bhaineann úsáid as an tseirbhís agus cloíann sé leis na caighdeáin gairmiúla is airde. Cuireann an tSeirbhís Ateangaireachta Chomharthaíochta seirbhísí chun cinn, déanann sé ionadaíocht agus abhcóideacht, agus cinntíonn sé go mbeidh seirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin ar fáil do Dhaoine Bodhra in Éirinn.

### (b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais a fheidhmíonn sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar atá fógartha ag Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte Éire.

### (c) Ullmhúchán na Ráiteas

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na raitis airgeadais i bhfoirm atá faofa ag an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Airgeadais. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go seasta chun deileáil le nithe ar meastar go mbaineann siad le ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh

**(d) Ioncam**

Deontais Oireachtais
Go ginearálta, aithnítear an t-ioncam ar bhonn fabhraithe; is cás eisceachtúil iad Deontais Oireachtais, a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

Ioncam Eile
Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**(e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh mar chostas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh laigí. Cuirtear dímheas ar gach píosa réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse, ag rátaí a mheastar a díscríobhfadh an costas lúide luach iarmharach measta, ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolré ionchais eacnamaíoch, mar seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Trealamh Ríomhaire | modh an mhéid chothroim | 33⅓% per annum |
| (ii) | Trealamh Oifige | modh an mhéid chothroim | 20% per annum |
| (iii) | Troscán Oifige | modh an mhéid chothroim | 12½% per annum |
| (iv) | Feithiclí | modh an mhéid chothroim | 25% per annum |
| (v) | Áitribh (faoi úineireacht) | saolré eacnamaíoch de gach áitreabh (40 bliain) | |
| (vi) | Áitribh (léasaithe) | Saolré eacnamaíoch na n-áitribh (25 bliain do Theach Ché Sheoirse agus 40 bliain do gach áitreabh léasaithe eile) | |

Is éard atá sa luach iarmharach ná an tsuim a mheastar go bhfaighfí faoi láthair trí shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta an diúscartha a bhaint, más rud é go raibh riocht ar an sócmhainn agus aois aici a bheifeá ag súil leis ag deireadh a saolré.

Má tá fianaise oibeachtúil ann maidir le laige luach sócmhainne, aithnítear caillteanas laige sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Tá sé mar pholasaí ag an mBord na Sócmhainní Áitribh atá faoi úinéireacht aige a athluacháil gach cúig bliana. Ar an 31 Nollaig 2018 rinne gnólacht neamhspleách de shainchomhairleoirí réadmhaoine athluacháil ar bhonn Luach Margaidh agus Luach Úsáid Reatha.

Sócmhainní ar a ndearnadh athluacháil, luaitear iad lúide dímheas carntha. Nuair atá athluacháil déanta ar shócmhainn, bunaítear an muirear dímheasa ar an suim athluacháilte agus an saolré eacnamaíoch atá fágtha ag an sócmhainn. Is éard atá sa ghnóthachan nó sa chaillteanas ná an difríocht idir na fáltais díolacháin agus an tsuim ghlanluacha, a tharlaíonn nuair a dhiúscairtear sócmhainn seasta, agus aithnítear é sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Breactar gnóthachain athluachála do shochar ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach murach go bhfuil siad ag aisiompú caillteanais iomaíocha a aithníodh cheana agus a muirearaíodh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Breactar gnóthachain athluachála do shochar ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe murach go bhfuil siad ag aisiompú fáltais a breacadh roimhe sin do shochar ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

**(f) Infháltais**

Aitnnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Is foráil faoi leith atá san fhoráil d'fhiacha amhrasacha, agus úsáidtear í nuair atá fianaise oibeachtúil ann nach mbeidh ar chumas an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh gach suim a dhlitear dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht

**(g) Léasa Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saolré an léasa. Aithnítear an caiteachas ar mhodh an mhéid chothroim thar tréimhse an léasa, ach amháin i gcás ardú cíosa atá nasctha leis an ráta boilscithe atáthar ag súil leis. Sa chás sin aithnítear an t-ardú nuair a tharlaíonn sé. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar saolré an léasa.

**(h) Sochair FHostaithe**



Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas i rith na bliana, agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

I mí na Nollag 2014, bheartaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) socruithe riaracháin leasaithe a thabhairt isteach chun scéimeanna áirithe aoisliúntais a bhunú agus a fhaomhú i gcomhlachtaí stáit neamhthráchtála, an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh san áireamh. Dearadh na socruithe leasaithe seo chun seirbhís níos éifeachtúla ó thaobh costas de a sheachadadh sna Ranna agus sna gníomhaíochtaí stáit, trí simpliú agus uasdátú a dhéanamh ar riarachán aoisliúntais. Chuir an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh tuairimí faoi bhráid RCPA agus tá dréacht na scéime réidh le síniú ag an RCPA. Ina dhiaidh sin, síneoidh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí é mar aon leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
which it will be signed by the Minister for Social Protection and the Minister for Public Expenditure and Reform.

Faoi láthair, nuair a théann baill foirne an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar scor, a bhí ina mbaill foirne roimhe sin den Bhord Náisiúnta Athshlánúcháin (BNA), faigheann siad sochair aoisliúntais ar aon dul le téarmaí na Scéime Aoisliúntais Rialtais Áitiúla; faigheann baill foirne a bhí roimhe sin ina mbaill den Bhord Seirbhís Sóisialta Náisiúnta sochair ar aon dul le téarmaí na Scéime Aoinliúntais do Gníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe; agus daoine a bhí fostaithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sular bunaíodh é agus a théann ar scor, faigheann siad sochair ar aon dul leis na téarmaí atá leagtha síos sa Scéim Aoisliúntais do Gníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe nó an Scéim Aoníocíochta.

Is scéimeanna pinsin le sochar sainithe iad na scéimeanna seo a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir le hairgead ar fáil don Bhord lena n-áirítear airgead curtha ar fáil ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ó ranníocaíochtaí a thagann ó thuarastail na bhfostaithe.

Feictear costais pinsin sna sochair pinsin atá tuillte ag fostaithe i rith na tréimhse agus luaitear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin, atá coimdeádta ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Aithnítear mar ioncam suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin sa mhéid is gur féidir í a aisghabháil, agus tá sí fritháirithe trí dheontais a fuarthas i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh.

Feictear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn de bharr dliteanas scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim ar féidir a aisghabháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Tá le feiceáil sna ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin an Bhoird mar aon le maoiniú gaolmhar eile, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina tuilltear iad. Déantar dliteanais ó scéimeanna sochair pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

Rinneadh dlí den Acht Pinsin san Earnáil Phoiblí 2012 (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) agus thug sé isteach an Scéim Aonair san Earnáil Phoiblí (“Scéim Aonair”) a tháining in éifeacht ar 1 Eanáir 2013. Tá gach fostaí nua a thosaíonn ag obair leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar nó tar éis 1 Eanáir 2013 agus ar iontrálaí nua é nó í san Earnáil Phoiblí, ina b(h)all den Scéim Aonair. Cuirtear ranníocaíochtaí fostaithe faoin scéim seo ar ais go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**(i) Cuntas Caipitil**

Tuigtear leis an gCuntas Caipitil:

(i) Luach d’ioncam gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú; agus
(ii) Barrachas gan amúchadh a eascraíonn ó athluacháil na sócmhainní seasta.

**(j) Breithiúnais Chriticiúla agus Meastacháin**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh, agus teacht ar thuairimí a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an chláir chomhardaithe, agus ar na suimeanna a thuairiscítear d’ioncam agus caiteachas i rith na bliana. É sin ráite, ós rud é gur meastacháin atá i gceist, d’fhéadfadh sé nach mbeadh na meastacháin ag teacht leis na fíorthorthaí. Is iad na breithiúnais a leanas na breithiúnais is mó a chuaigh i gcion ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.



Laigí a bhaineann le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchaidh a athbhreithniú i leith laigí nuair a mheastar go bhfuil seans ann nach féadfaí an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Is caillteanas laige é caillteanas ina bhfuil an tsuim ghlanluacha sócmhainne níos mó ná an suim a d'fhéadfaí a aisghabháil ar an sócmhainn sin. Is éard atá sa tsuim aisghabhála ná pé acu is airde – luach cóir na sócmhainne lúide an costas í a dhíol agus a luach úsáidte. Chun meanúnacht a dhéanamh ar laige, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is lú ag ar féidir sreabhadh airgid faoi leith a aithint (aonaid ghiniúna airgid). Ag gach dáta tuairiscithe, déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais atá faoi laige chun a mheas an féidir an laige a aisiompú.

Luachanna Dímheasa agus Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha de gach catagóir de shócmhainn sheasta, agus go háirithe ar shaolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha dhaingneáin agus fheistis, agus tá déanta amach acu go bhfuil na saolréanna agus na luachanna oiriúnach.

Oibleagáidí maidir le Sochar Scoir

Déantar na tuairimí ar a mbunaítear na luachanna achtúireacha a úsáidtear chun na suimeanna san ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe i leibhéil chúitimh sa todchaí, rátaí básmhaireachta agus treorátaí i gcostais chúram sláinte), déantar iad a uasdátú go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus áirítear aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus pleananna scoir.

D'fhéadfadh na rudaí seo a leanas dul i gcion ar na tuairimí:

(i) An ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta;
(ii) Leibhéil chúitimh amach anseo;
(iii) Dálaí an mhargaidh fostaíochta amach anseo;
(iv) Treorátaí i gcostais chúram sláinte; agus
(v) Ráta boilscithe maidir le costas míochaine sna réigiúin ábhartha.

**2. Deontais Oireachtais**

| | Fotheideal | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| **An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)** | | **€** | **€** |
| Deontais le haghaidh caiteachas reatha (Vóta 37) | **A.41** | 56,959,000 | 55,013,028 |
| Barrachas don bhliain roimhe sin coinnithe siar ag DSP* | | (475,984) | (238,000) |
| Ranníocaíochtaí Scéime Aonair tugtha ar ais go D/PER | | (52,631) | (45,934) |
| **Maoniú Stáit eile** | | | |
| FSS - Ranníocaíocht do Sheirbhísí Eolais Comhtháite | | 0 | 73,915 |
| DFAT – Éireannaigh Thar Lear | | 0 | 85,000 |
| D/PER – Ciste Nuálaíochta na hEarnála Phoiblí | | 24,000 | 0 |
| **Iomlán** | | **56,454,385** | **54,888,009** |

*Coinníonn an DSP siar maoiniú breise a bhí tugtha ar aghaidh tríd an deontas a laghdú a sannaíodh don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

**3. Ioncam eile**

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ioncam eile | | 15,664 | 23,145 |
| Deontais tugtha ar ais | | 13,158 | 150,000 |
| | | **28,822** | **173,145** |

**4. Luach Saothair**

**(a)** ***Sochair Fostaithe Chomhiomlána***

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Sochair foirne ghearrthéarmacha | | 4,410,502 | 4,430,344 |
| Ranníocaíocht fostóra leasa shóisialaigh | | 419,831 | 400,727 |
| | | **4,830,333** | **4,831,071** |

Ba é 74.4 líon iomlán na ndaoine a bhí fostaithe ag deireadh na bliana (2018, 76.4).
San áireamh sna figiúirí seo tá beirt a tháinig ar iasacht ón Roinn Gnóthaí Fostaíochtaí agus Coimirce Sóisialaí in 2019.
Baineadh €121,907 (2018: €154,348) ó bhaill foirne mar thobhach pinsin san earnáil phoiblí agus íocadh é don Roinn Gnóthaí Fostaíochtaí agus Coimirce Sóisialaí. Le héifeacht ó 1 Eanáir 2019, cuireadh an ranníocaíocht aoisliúntais breise in áit an tobhaigh pinsin.
San áireamh sna costais tuarastála tá speanais pá saoire ar mhéid é €53,808 (2018: €69,961).

Is pá bunúsach amháin atá i gceist le sochair foirne ghearrthéarmacha. Níor tabhaíodh aon chaiteachas in 2019 ná in 2018 ar ragobair/liúntais ná ar chostais fhoirceanta.

***(b) Ardbhainistíocht***
Is éard atá i gceist le hardbhainistíocht ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ná an POF, bainisteoirí sinsearacha agus baill den Bhord Stiúrthóirí. Ba é €559,211 (2018: €510,488). an méid iomlán a íocadh leis an bhfoireann ardbhainistíochta, táillí Chomhaltaí san áireamh. Ní áirítear anseo luach sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is ball í an fhoireann ardbhainistíochta de scéim scoir an Bhoird, agus ní théann a teidlíochtaí os cionn téarmaí na scéime scoir samhla den earnáil phoiblí. Sna blianta 2019 agus 2018, bhí Bainisteoir Sinsearach amháin ina bhall de Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí.

***(c) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin***
Ba é €113,511 (2018: €112,387) tuarastal an Phríomh Oifigigh Feidhmiúcháin. Níor íocaíodh aon íocaíocht bónais i rith na bliana. Is ball í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de scéim neamh-mhaoinithe le sochar sainithe san earnáil phoiblí agus ní théann a teidlíochtaí pinsin os cionn na ngnáth-theidlíochtaí sa scéim aoisliúntais sochar sainithe san earnáil phoiblí.

***(d) Réimse Sochair iomlána d'fostaithe***

| Sochair fostaithe gearrthéarmacha* | | | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | **2019** | **2018** |
| €60,000 | - | €69,999 | 18 | 26 |
| €70,000 | - | €79,999 | 7 | 4 |
| €80,000 | - | €89,999 | 3 | 3 |
| €90,000 | - | €99,999 | 2 | 3 |
| €100,000 | - | €124,999 | 2 | 1 |

*Áitítear tuarastal agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí sna sochair fostaithe gearrthéarmach i leith seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

### 5. Costais Riaracháin

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Cóiríocht agus Foras | 6 | 1,866,275 | 1,870,063 |
| Taisteal agus Cothú (Intíre) | | 114,335 | 119,010 |
| Taisteal agus Cothú (Idirnáisiúnta) | | 5,140 | 3,994 |
| Páipéaracha agus Ábhar Oifige | | 18,800 | 15,010 |
| Post | | 48,563 | 82,753 |
| Sainchomhairleoireacht agus Tuasarcálacha | 7 | 231,550 | 1,057,568 |
| Earcaíocht | | 12,393 | 1,047 |
| Caidreamh Poiblí | | 16,426 | 14,247 |
| Seimineáir agus Cruinnithe | | 36,316 | 13,082 |
| Árachas | | 432,763 | 276,587 |
| Foilsiúcháin Boird agus Rudaí Ilghnéitheacha | | 21,014 | 27,774 |
| Táillí Cleamhnaithe | | 20,408 | 13,408 |
| Táillí Iniúchta Seachtrach | | 41,135 | 24,645 |
| Táillí Iniúchta Inmheánach | | 69,676 | 39,882 |
| Dímheas | | 476,150 | 302,884 |
| Drochfhiacha | | 100 | 86,515 |
| Ús agus Muirir | | 829 | 1,109 |
| Eile** | | 14,860 | 25,741 |
| | | **3,426,733** | **3,975,319** |

*San aireamh i dtáillí Iniúchóireachta Seachtracha tá táillí, táillí achtúireacha agus táillí chun réadmhaoin a luacháil.
**Níor tabhaíodh aon chaiteachas maidir le fáilteachas sa bhliain 2019 (2018: €náid).

### 6. Cóiríocht agus Foras

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Cíos agus Rátaí | | 1,185,086 | 1,149,792 |
| Solas agus Teas | | 66,153 | 93,559 |
| Cothabháil agus Slándáil | | 606,912 | 622,434 |
| Cartlannú | | 8,124 | 4,278 |
| | | **1,866,275** | **1,870,063** |

### 7. Sainchomhairleoireacht agus Tuasarcálacha

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Athstruchtúrú Seachtrach | | 0 | 750,706 |
| Seirbhísí Iontaobhaí Pinsin do Chomhpháirtithe Seachadta | | 9,020 | 20,015 |
| Seirbhísí AD Tacaíochta do Chomhpháirtithe Seachadta | | 77,944 | 142,497 |
| Clár Tacaíochta d’Fhostaithe | | 9,812 | 20,517 |
| Sainchomhairleoireacht Pinsin | | 7,034 | 0 |
| Seirbhísí Próiseála Párolla | | 106,476 | 53,043 |
| Táillí Dlí Ginearálta | | 21,166 | 19,929 |
| Sainchomhairleoireacht RGCS | | 0 | 49,751 |
| Eile | | 98 | 1,110 |
| | | **231,550** | **1,057,568** |

**8. Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh (SES)**

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| (i) Deontais Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh | | 14,414,645 | 13,486,607 |
| (ii) Tacaíocht Lárnach do SES | | | |
| Comhdhálacha, Seimineáir agus Cruinnithe | | 59,396 | 2,931 |
| Comhdháil Oibrithe Dheonacha agus Aitheantas | | 32,986 | 16,935 |
| Fógraíocht agus Promóisean | | 161,667 | 171,565 |
| Tacaíocht Líonra | | 0 | 27,225 |
| (iii) Seirbhís teileafóin SES | | 1,267,500 | 1,312,338 |
| (iv) Aonaid Taistil | | 1,083 | 13,433 |
| (v) Tacaíochtaí Eolais | | 309,400 | 289,400 |
| | | **16,246,677** | **15,320,434** |

**9. Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA)**

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| (i) Deontais SBCA | | 16,154,163 | 16,001,046 |
| Fógraíocht agus Promóisean | | | |
| Fógraíocht agus Promóisean | | 11,954 | 4,348 |
| Cruinnithe/Tionscadail | | 92,217 | 709 |
| Taighde | | 30,012 | 0 |
| (iii) Forbairt Náisiúnta SBCA | | 1,535,248 | 2,192,574 |
| (iv) Riaráistí Morgáistí Tiomnaithe | | 1,827,728 | 1,808,835 |
| (v) Tionscadal Micriasachta | | 55,000 | 76,800 |
| (vi) Abhaile | | 2,204,595 | 2,752,882 |
| | | **21,910,917** | **22,837,194** |

Is seirbhís tacaíochta theicniúil lárnach í SBCAnd a chuirean tacaíocht ar fáil le cásobair theicniúil, bainistiú airgid, oideachas, saincheisteanna beartas sóisialach agus traenáil do chomhlachtaí de chuid SBCA i gcomhar leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Is é SBCAnd a bhainistíonn líne chabhrach theileafóin náisiúnta SBCA, suíomh gréasáin SBCA agus SBCA-IS, an córas eolais cliaint, agus freagraíonn sé do cheisteanna ó na meáin maidir le hairgead agus bainistiú fiachais.

Tar éis cinneadh a rinne an Rialtas, rithfidh an tionscadal Riaráistí Morgáiste Tiomnaithe go dtí deireadh 2022. Is í príomhaidhm an tionscadail seo ná daoine tiomanta a chur isteach in oifigí SBCA nach bhfuil mar aidhm acu ach deileáil le cásanna Riaráistí Morgáiste amháin.

Rithfidh an clár Abhaile ó 2016 go dtí 2022. Is seirbhís nua í Abhaile atá ann chun cabhrú le húinéirí tí réiteach a aimsiú nuair atá siad i mbaol a dteach a chailliúint. Soláthraíonn sí dearbháin saor in aisce atá le fáil trí SBCA le haghaidh comhairle dlí agus airgeadais ó shaineolaithe. In 2019 chuimsigh caiteachas faoin gclár seo an costas a bhí ar na dearbháin le haghaidh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus an costas a bhain le Feachtas Cumarsáide an chláir a rith.

### 10. Acmhainní Eolais

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Forbairt ar Shuíomh Gréasáin Assist Ireland | | 363 | 2,433 |
| Eolas Ar Líne - Aistriúcháin | | 13,303 | 13,366 |
| Forbairt ar Shuíomh Gréasáin Bord um Fhaisnéis do Shaonánaigh | | 38,233 | 1,784 |
| Foilsiúcháin | | 47,965 | 51,470 |
| Ciste Nuálaíochta na hEarnála PoiblíPublic | | 14,071 | 0 |
| Leabharlann | | 22,850 | 14,601 |
| Forbairt Ábhair | | 50,691 | 2,903 |
| | | **187,476** | **86,557** |

### 11. Beartas Sóisialach agus Taighde

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Tacaíocht do Thaighde | | 29,448 | 39,743 |
| Taighde ar Mhíchumas agus Eolas | | 33,911 | 36,070 |
| Tuarascálacha ar Bheartas Sóisialach | | 47,788 | 14,985 |
| Deontais do Bheartas Sóisialach | | 7,873 | 12,000 |
| Nithe Ilghnéitheacha | | 3,299 | 3,398 |
| | | **122,319** | **106,196** |

### 12. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Teileachumarsáid | | 659,432 | 875,098 |
| Bogearraí agus Ceadúnú | | 166,483 | 124,915 |
| Crua-earraí eile | | 29,424 | 6,894 |
| Tacaíocht TFC | | 647,909 | 756,150 |
| Infreastruchtúr TFC Bainistithe go hIomán | | 481,816 | 486,123 |
| Slándáil | | 331,514 | 114,837 |
| Tionscadail | | 63,131 | 303,730 |
| | | **2,379,709** | **2,667,747** |

### 13. Abhcóideacht

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Deontas don tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas | | 3,250,954 | 3,009,009 |
| Deontas don Chlár Abhcóideachta Oibrí Tacaíochta | | 445,672 | 335,444 |
| Deontas don tSeirbhís Ateangaireachta Teanga Chomharthaíochta | | 528,835 | 466,585 |
| Tacaíocht Rochtain & Abhcóideachta– Ionchuimsiú Éireann | | 0 | 77 |
| Grúpa Comhairleach Náisiúnta | | 96,839 | 15,002 |
| Abhcóideacht MIS/Córas Bainistíochta Cás | | 0 | 170,301 |
| Clár Piolótach Abhcóideachta Tiomnaithe | | 4,521 | 2,603 |
| | | **4,326,821** | **3,999,021** |

Bunaíodh an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas i Samhain 2013 agus feidhmíonn sí faoi chomhaontú seirbhíse leis an mBord um Fhaisneis do Shaoránaigh chun seirbhísí abhcóideachta a sheachadadh do dhaoine faoi mhíchumas. Cuirean an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas seirbhís ar fáil atá neamhspleách, faoi rún agus saor in aisce, a oibríonn ar son na ndaoine a úsáideann an tseirbhís amháin agus cloíann sí leis na caighdeáin ghairmiúla is airde.

### 14. Traenáil/ Ríomhfhoghlaim

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Acmhainní Traenála | | 109,986 | 123,892 |
| Seirbhísí Traenála | | 81,068 | 98,354 |
| Traenáil Abhcóideachta | | 12,539 | 16,067 |
| Moodle | | 23,339 | 12,310 |
| Forbairt Chúrsaí | | 28,455 | 30,500 |
| | | **255,387** | **281,123** |

**15. Costais Shochair Scoir**

***(e) Anailís ar chostais Shochair Scoir muirearaithe don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.***

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Costais Reatha Seirbhísí | 1,472,000 | 1,500,000 |
| Ús ar Dhliteanais Scéim Sochair Scoir | 1,133,000 | 1,073,000 |
| Rannaíocaíochtaí Fostaithe | (326,000) | (355,000) |
| | **2,279,000** | **2,218,000** |

***(f) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir i rith na bliana airgeadais***

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glanoibleagáid Sochair Scoir ar 1 Eanáir | (57,316,300) | (61,842,300) |
| Costais Reatha Seirbhísí | (1,472,000) | (1,500,000) |
| Costais úis | (1,133,000) | (1,073,000) |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach | (4,561,000) | 5,991,000 |
| Pinsin íoctha i rith na bliana | 1,365,000 | 1,108,000 |
| **Glanoibleagáid Sochair Scoir ar 31 Nollaig** | **(63,117,300)** | **(57,316,300)** |

***(g) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir***

Aithníonn an Bord gur sócmhainn iad na suimeanna seo a chomhfhreagraíonn don dhliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh socha scoir bunaithe ar roinnt tuairimí mínithe thuas agus ar roinnt teagmhais a bhí ann. Sna teagmhais seo áirítear an bonn reachtúil ar a mbunaítear an scéim sochar scoir, beartas agus cleachtadh reatha atá i bhfeidhm maidir le maoiniú pinsin san earnáil phoiblí (ranníocaíochtaí fostaithe san áireamh) agus an próiseas meastacháin bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach mbeidh an beartas maoinithe seo ábalta na suimeanna seo a bhaint amach de réir an chleachtaidh reatha.

Ba mar seo a leanas a bhí an glanmhaoiniú iarchurtha do shochar scoir aithnithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Maoiniú in-aisghabhála i leith Costas Sochar Scoir na Bliana Reatha | 2,605,000 | 2,573,000 |
| Deontais Stáit curtha i bhfeidhm chun Sochair Scoir a íoc | (1,365,000) | (1,108,000) |
| | **1,240,000** | **1,465,000** |

Is é méid na sócmhainne maoinithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir ar 31 Nollaig 2019 ná €63.1m (2018: €57.3m).

***(h) Stair oibleagáidí le sochar sainithe***

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Oibleagáidí le Sochar Sainithe | 63,117 | 57,316 | 61,842 | 62,156 | 50,606 |
| Gnóthachain agus Caillteanais ó thaithí ar Oibleagáidí Sochar Sainithe | (2,469) | (629) | 280 | (2,123) | (523) |
| Céadtadán Dliteantais Scéime | 4% | 1% | 0% | (3%) | (1%) |

***(i) Cur síos ginearálta ar an scéim***

Reáchtálann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh na scéimeanna a leanas le sochar scoir sainithe i leith a chuid fostaithe:

(i) D'fhostaithe ceaptha roimh 1 Eanáir 2013:
Scéim Aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoranaigh (tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail thraidisiúnta na hEarnála Poiblí).

(ii) D'fhostaithe ceaptha tar éis 1 Eanáir 2013:
Scéim Scoir Aonair na hEarnála Poiblí (soláthraíonn an struchtúr pinsin le sochar sainithe nasctha le praghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme).

Is socrú pinsin sainithe deiridh í scéim Aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe de réir na rialachán a bhaineann leis an scéim "shamhail" reatha atá san earnáil phoiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (1/200 de phá inphinsin in aghaidh gach bliana seirbhíse suas le 3 1/3 méid an ráta reatha den Phinsean Stáit Leasa Sóisialach (Ranníocach) móide 1/80 de phá inphinsin os cionn an teorainn seo (más ann dó), aisce nó cnapshuim (3/80 de phá inphinsin in aghaidh gach bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is é 70 an aois scoir éigeantach do chomhaltaí atá ann roimh 2004, agus tá sé de cheart acu freisin dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 amach. Do chomhaltaí a thosaigh tar éis 2004, tá sé de cheart ag comhaltaí dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 65 amach, níl aon aois scoir éigeantach acu Faoi Scéim Aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, is féidir leis an mBord méadú i bpinsin agus i bpinsin choinnithe a údarú ó am go ham le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Go dtí gur tharla an ghéarchéim airgeadais, bhí sé de nós cur leis an bpinsin ar aon dul le méadú pá de réir iarghrád an duine. Is éard a tharlaíonn ó 2010 ná go bhuil pá san earnáil phoiblí agus pinsin san earnáil phoiblí faoi réir laghduithe difriúla. Faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 go 2020, tá comhaontú ann maidir le filleadh ar an modh coigeartaithe pinsin neamhreachtúil, nasctha le pá a bhí i bhfeidhm go dtí tús na géarchéime airgeadais. Tá teorainn ama ag an mbeartas seo maidir le méadú pinsin (téann sé in éag ag deireadh 2020) agus tá sé faoi réir choinníollacha.

Is éard atá sa Scéim Aonair Pinsin san Earnáil Phoiblí (Scéim Aonair) ná scéim pinsin le sochar sainithe d' fostaithe sa tseirbhís phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis 1 Eanáir 2013 de réir an Achta um Phinsean 2012 san Earnáil Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile). Déanann an scéim foráil i leith pinsin agus cnapshuime scoir bunaithe ar mheánphá inphinsin mar aon le pinsin céilí agus leanaí. Is ionann an ghnáthaois scoir faoin Scéim Phinsin Aonair san Earnáil Phoiblí agus an aois cháilithe don Phinsin Ranníocaíoch Stáit ó Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí. Is í 70 an aois scoir éigeantach do chomhaltaí. Ardaítear pinsin in íocaíochtaí (agus pinsin iarchurtha) de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe, neamhspleách ar 7 Feabhra 2020, tar éis a chur san áireamh riachtanais an FRS chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ar 31 Nollaig 2019.

***(j) Ba mar seo a leanas a bhí na príomhthuairimí achtúireacha:***

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Ráta ardaithe i dtuarastail | 3.00% | 3.20% |
| Ráta ardaithe Sochar Scoir in íocaíochtaí | 3.00% | 3.20% |
| Rátaí Lascaine | 1.20% | 2.00% |
| Ráta Boilscithe | 1.50% | 1.70% |

<u>Ionchas Saoil</u>

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Fireann, 45 bliain d'aois anois | 22.7 | 22.7 |
| Fireann, 65 bliain d'aois anois | 21.4 | 21.4 |
| Baineann, 45 bliain d'aois anois | 25.1 | 25.0 |
| Baineann, 65 bliain d'aois anois | 23.9 | 23.8 |

# An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

**(k) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

| | Áitribh faoi Úinéireacht | Áitribh Léasaithe | Mótar Fheithliclí | Trealamh Ríomhaire | Trealamh Oifige | Troscán Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | 3,835,000 | 3,618,990 | 89,277 | 1,382,174 | 656,695 | 728,647 | 10,310,783 |
| Breiseanna | 0 | 101,993 | 0 | 741,069 | 0 | 8,442 | 851,504 |
| Diúscairt | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Ar 31 Nollaig** | **3,835,000** | **3,720,983** | **89,277** | **2,123,243** | **656,695** | **737,089** | **11,162,287** |
| | | | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | 0 | 1,402,152 | 89,277 | 1,136,368 | 655,607 | 716,772 | 4,000,176 |
| Muirear don bhliain | 109,571 | 110,907 | 0 | 249,763 | 338 | 5,571 | 476,150 |
| Diúscairt | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Ar 31 Nollaig** | **109,571** | **1,513,059** | **89,277** | **1,386,131** | **655,945** | **722,343** | **4,476,326** |
| | | | | | | | |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | 3,835,000 | 2,216,838 | 0 | 245,806 | 1,088 | 11,875 | 6,310,607 |
| Glanghluaiseacht don bhliain | (109,571) | (8,914) | 0 | 491,306 | (338) | 2,871 | 375,354 |
| **Ar 31 Nollaig** | **3,725,429** | **2,207,924** | **0** | **737,112** | **750** | **14,746** | **6,685,961** |

(i) Tá sé mar pholasaí ag an mBord a chuid áitribh a athluacháil gach 5 bliana. Ar 31 Nollaig 2018 cuireadh luach de €3.835m ar na foirgnimh.

(ii) Baineann luach áitribh léasaithe le caiteachas caipitlithe ar an bhFoirgneamh ar Léas liostaithe faoi Nóta 17.

### 16. Áitribh

***(a) Talamh Ruílse agus Foirgnimh***

Tá talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sna suíomhanna seo a leanas:

| **Suíomh** | **Glanluach de réir na Leabhar Ar 31.12.19** | **Glanluach de réir na Leabhar As at 31.12.18** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Baile Átha Cliath | 3,011,429 | 3,100,000 |
| Corcaigh | 476,000 | 490,000 |
| Trá Lí | 140,857 | 145,000 |
| Leitir Ceanainn | 97,143 | 100,000 |
| | **3,725,429** | **3,835,000** |

***(b) Réadmhaoin faoi Léas***

Tá spás oifige ar léas ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sna suíomhanna seo a leanas:

| **Suíomh** | **Dáta Éaga** | **Clásal Scoir** | **Ceangaltais Léasaithe** | **Cíos bliantúil** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€** | **€** |
| **Ceannceathrú – Átha Cliath** | | | | |
| 43 Cnoc na Lobhar, BÁC 2 | 2032 | - | 9,613,175 | 739,475 |
| **Oifigí Réigiúnacha** | | | | |
| An Cabhán | Monthly | - | 0 | 10,066 |
| Gaillimh | 2025 | - | 242,400 | 40,400 |
| Cill Chainnigh | 2050 | - | 1,223 | 40 |
| Luimneach | 2038 | 2027 | 907,533 | 117,101 |
| Sligeach | 2021 | - | 20,595 | 13,007 |
| Tamhlacht | 2033 | 2028 | 1,019,373 | 117,620 |
| | | | **11,804,299** | **1,037,709** |

| **Ceangaltais Léasaithe** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 1,027,643 | 936,536 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 4,066,131 | 3,703,504 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 6,710,525 | 7,092,222 |
| | **11,804,299** | **11,732,262** |

**Ceangaltais Léasaithe**

Ar 31 Nollaig 2019 ní raibh aon íocaíochtaí léasa todchaí faoi léasanna feidhmiúcháin neamh-inchealaithe ag an mBord, seachas léasanna réadmhaoine a shonraítear i nóta 17.

### 17. Suimeanna Infhaighte

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna Infhaighte Trádala | 0 | 100 |
| Suimeanna Infhaighte Eile | 16,472 | 18,770 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,721,836 | 1,632,184 |
| | **1,738,308** | **1,651,054** |

### 18. Suimeanna Iníoctha

***Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin***

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna Iníoctha Trádala | 85,360 | 633,627 |
| Fabhruithe | 205,986 | 274,602 |
| Suimeanna Iníoctha ÍMAT agus ÁSPC | 162,601 | 138,465 |
| | **453,947** | **1,046,694** |

### 19. Cuntas Caipitil

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 6,310,607 | 4,181,247 |
| *Aistriú go honcam agus Caiteachas:* | | |
| Caiteachas Caipitil sa bhliain | 851,504 | 243,494 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (476,150) | (302,884) |
| Scaoile ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 0 | (45,000) |
| Gnóthachain / (Caillteanas) ar Athluacháil Talún agus Foirgneamh | 0 | 2,233,750 |
| **Iarmhéid Deiridh** | **6,685,961** | **6,310,607** |

**20. Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara**

Glacann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh nósanna imeachta atá de réir na treoirlínte eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn na hábhair phearsanta is cás le comhaltaí an Bhoird. Is gnách go gceadófaí don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh deontais a fhaomhadh nó dul i mbun socruithe conartha eile le heintitis ina bhfuil comhaltaí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh fostaithe nó ina bhfuil suim eile acu iontu.

I gcásanna ina d'fhéadfadh coimhlint leasa a bheith ann, ní bhfaigheann comhaltaí Boird doiciméadú Boird agus ní ghlacann siad páirt ná ní fhreastalaíonn siad ar chainteanna a bhaineann leis na hidirbhearta seo. Coimeádtar clár de gach cás mar seo agus tá sé le fáil ach é a iarradh.

I rith na bliana, ní dheachaigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh i mbun conartha le haon pháirtí gaolmhar.

**21. Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe**

Níl aon imeachtaí a tharla idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo atá le heisiúnt, a éilíonn gur gá na ráitis airgeadais a choigeartú.

Aithníonn an Bord gur imeacht suntasach í an phandéim Covid-19, a tháinig chun cinn tar éis an dáta tuairiscithe. Tá an Bord airdeallach agus tá sé ag déanamh monatóireacht ar chúinsí, in éineacht leis an mbainistíocht, ar bhonn leanúnach. Tá an ghnólacht ag leanúint uirthi ag feidhmiú le bearta i bhfeidhm chun foireann an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoranaigh a chosaint. Go dtí seo, táthar ag leanúint le hoibríochtaí agus leis an gcuid is mó de ghníomhaíochtaí an eintitis, agus ag an am céanna táthar ag dul in oiriúint ar an mbealach éagsúil ina bhfuil an gnó á sheachadadh anois. Cé nach bhfuil ar chumas an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a thuar go beacht an tionchar a bheidh ag Covid-19 ar shreabhadh airgid an Bhoird, táthar ag monatóiriú go géar feidhmíocht agus oibríochtaí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, agus cuirtear réamhaisnéis ar fáil go rialta don Bhord agus don Roinn C.oimirce Sóisialaí.

Measann an Bord go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ós rud é go gcuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh seirbhís phoiblí ar fáil a chistítear le hairgead a chuireann an Státchiste ar fáil tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí.

**22. Faomhadh na ráitis airgeadais**

D'fhaomh Bord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh na ráitis airgeadais ar 9 Nollaig 2020.